



Uimhir Chiorcláin 0024/2015

Chuig:
Údaráis Bhainistíochta Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna
Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Boird Oideachais agus Oiliúna

FEIDHMIÚ MHOLTAÍ AN GHRÚPA SAINÉOLAITHE AR FHOSTAÍOCHT
TÉARMA SEASTA AGUS PHÁIRTAIMSEARTHA SAN OIDEACHAS BUNSCOILE
AGUS SAN OIDEACHAS DARA LEIBHÉAL IN ÉIRINN

Réamhrá

Leagtar amach sa chiorclán seo na socrúithe mionsonraithe agus na gnáthaimh le haghaidh fheidhmiú mholtaí an Ghrúpa Saineolaithe ar Fhostaíocht Téarma Seasta agus Pháirtaimseartha san Oideachas Bun scoile agus san Oideachas Dara Leibhéal in Éirinn atá le cur i bhfeidhm ag tús scoilbhliain 2015/16. Peter Ward, Abhcóide Sinsir, a chuir an tuarascáil i láthair agus tagraítear di ina dhiaidh seo mar Thuarascáil Ward.

Bhí na socrúithe agus gnáthaimh thosaigh a leagadh amach i gchiorcláin de chuid na Roinne bunaithe ar chomhlíonadh cheanglais an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Seasta) 2003. De réir na reachtaíochta sin, mar a mbíonn fostaí téarma seasta fostaithe ag a f(h)ostóir ar dhá chonradh téarma seasta nó níos mó agus gur faide ná ceithre bliana tréimhse chomhiomlán chonarthaí leanúnacha téarma seasta an fhostaí, meastar go bhfuil an fostaí sin fostaithe faoi chonradh tréimhse éiginnte (CTÉ) (nach conradh téarma seasta a thuilleadh é) ach amháin go raibh foras oibiachtúil leagtha amach sa chonradh roimhe. Cé nach bhfuil aon athrú ar an bhforáil dlí, tá feabhas tagtha ar théarmaí agus coinníollacha múinteoirí trí Chomhaontas Bhóthar Haddington (CBH).

Mar gheall ar fheabhsú tosaigh CBH, laghdaíodh bonn cáilitheachta CTÉ go dtí tréimhse ar faide í ná trí bliana. Tá tuilleadh feabhsúchán i gceist ar théarmaí agus coinníollacha múinteoirí de thairbhe mholtaí Thuarascáil Ward.

Ábhar an Chiorcláin

Tá cúig chuid sa chiorclán:

Leagtar amach i gCuid A na téarmaí agus coinníollacha athbhreithnithe do mhúinteoirí atá cruthaithe trí fheidhmiú Thuarascáil Ward.

Leagtar amach i gCuid B an próiseas trína gceadaíonn an Roinn/Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) CTÉnna a iarrtar, bunaithe ar na téarmaí agus coinníollacha athbhreithnithe a thugtar isteach trí Thuarascáil Ward.

Leagtar amach an Próiseas Breithniúcháin i gCuid C.

Leagtar amach i gCuid D an Scéim Ath-implonaithe le tabhairt faoi mhí-oiriúniú ag an dara leibhéal idir riachtanais churaclaim agus acmhainní foirne.

I gCuid E, pléitear le roinnt ceisteanna breise.

Cuid A

Téarmaí agus coinníollacha athbhreithnithe múinteoirí maidir le deonú CTÉ a bheidh i bhfeidhm ó thús scoilbhliain 2015/2016

(1) Laghdú tréimhse cháilitheachta CTÉ

Tá an tréimhse cháilitheachta le CTÉ tosaigh a dheonú laghdaithe ó thréimhse fostaíocht leanúnach níos faide ná trí bliana leis an bhfostóir céanna go dtí tréimhse fostaíocht leanúnach níos faide ná dhá bhliain leis an bhfostóir céanna; ní mór gur i bpo(i)st a bhí cistithe ag an Oireachtas a bhí iomlán na fostaíochta. Ciallaíonn an laghdú seo go mbronnfar CTÉ, seachas Conradh Téarma Seasta, ar mhúinteoir a fhad is a chomhlíonfar na coinníollacha agus gnáthaimh atá leagtha amach sa chiorclán seo.

Roimhe seo, d'fhéadfaí CTÉ a fháil a fhad is a bhí an post inmharthana fós ar feadh tréimhse réasúnta, gur tháinig sé ón leithdháileadh, nár bhain sé le cumhdach sealadach agus nach raibh foras oibiachtúil ann. Is coinníoll í seo fós i leith na cáilitheachta ach tá sí leasaithe faoi (2) thíos. Ba chóir a thabhairt do bhuir n-aire go meastar tréimhse réasúnta mar scoilbhliain iomlán ar a laghad.

(2) Athrú a bhaineann le cáilitheacht i leith CTÉ i gcás cumhdach a sholáthar i gcomhair neamhláithreachtaí áirithe múinteora

Roimhe seo, níor tugadh cáilitheacht i gcomhair CTÉ trí phost a bhain le cumhdach a sholáthar do mhúinteoir a bhí as láthair ar scéim fhaofa cead neamhláithreachta. Síntear, áfach, trí thuarascáil Ward, cáilitheacht le go gcuimseofar cumhdach do mhúinteoir a bhíonn as láthair ar dhá scéim shainiúla neamhláithreachta, ach go bhfuil sé seo teoranta go dtí cumhdach neamhláithreachta (i) múinteoir ar shos gairme nó (ii) múinteoir ar iasacht.

(3) Uaireanta atá le cuimsiú in CTÉ atá á bhronnadh faoi 1 agus 2 thuas

Nuair a bhíonn CTÉ á bhronnadh faoi na téarmaí agus coinníollacha nua, is iad uaireanta an CTÉ, na huaireanta ar a raibh an múinteoir ag obair ar chonradh téarma seasta ar feadh na scoilbhliana iomláine roimh eisiúint an CTÉ agus níl na huaireanta sin teoranta go dtí na huaireanta a áirítear faoi (1) nó (2) thuas.

(4) Múinteoirí a bhfuil CTÉ Páirtaimseartha acu agus deonú CTÉ breise a bhaineann le huaireanta breise

Sa chás go bhfuil CTÉ páirtaimseartha ag múinteoir a bhfuil cáilíochtaí aige/aici a oireann don earnáil agus gur fhostaigh an Bord Bainistíochta/BOO an múinteoir seo ar uaireanta breise (.i. conradh páirtaimseartha, téarma seasta le cois CTÉ a fuarthas cheana sa scoil/BOO), agus go leanann na huaireanta atá i gceist de bheith inmharthana agus ar fáil laistigh de leithdháileadh

na scoile/BOO, laghdaítear an tréimhse cháilitheachta fostaíocht leanúnach i gcomhair CTÉ, bunaithe ar na huairanta breise sin, ó thréimhse atá níos faide ná trí bliana go dtí tréimhse fostaíocht leanúnach atá níos faide ná aon bhliain amháin.

(5) CTÉ agus stádas buan

Tá stádas fostaíochta ag múinteoir atá fostaithe ar chonradh tréimhse éiginnte arb ionann é agus an stádas atá ag múinteoir buan.

(6) Foirceannadh Conarthaí Téarma Seasta

Caithfear gach conradh téarma seasta tosaigh a fhoirceannadh ag deireadh na scoilbhliana agus má tá an fostaíocht le leanúint ar aghaidh an bhliain dar gcionn, caithfidh an fostóir í a athfhógairt agus ní mór próiseas nua a thionscnamh chun an post a líonadh don dara bliain. Mar sin de, caithfidh an fostóir an conradh a fhoirceannadh agus ní féidir conradh téarma seasta a thabhairt do mhúinteoir ar bith mura mbíonn fógraíocht agus agallaimh ann ar dtús.

(7) Ath-implonú

Leis an gcioclán seo freisin, athraítear téarmaí agus coinníollacha múinteoirí maidir le hath-implonú.

Beidh múinteoirí iar-bhunscoile atá incháilithe ar CTÉ trí laghdú na tréimhse cáilitheachta go dtí tréimhse atá níos faide ná fostaíocht leanúnach dhá bhliain, faoi dhliteanas ath-implonú más amhlaidh nach mbíonn a n-ábha(i)r de dhíth a thuilleadh ar churaclam na scoile ina bhfuil siad incháilithe ar an CTÉ. Tá an dliteanas nua seo ar ath-implonú, maidir leis an té a fhaigheann an CTÉ, sa bhreis ar aon dliteanas a d'fhéadfadh a bheith aige/aici faoi na scéimeanna reatha ath-implonnaithe.

Cuirfear múinteoir a fhaigheann CTÉ de thoradh cumhdach múinteora atá ar shos gairme nó ar iasacht ar an bpainéal cuí ath-implonnaithe go díreach roimh fhilleadh an mhúinteora dá bhfuil sé/sí ag cumhdach.

Cuid B

Ceadú CTÉanna agus na gnáthaimh le CTÉ a fháil bunaithe ar na téarmaí agus coinníollacha athbhreithnithe

(1) Ceadú Roinne/BOO

Caithfear cead Roinne/BOO a fháil sular féidir CTÉ faoi mhaoiniú an Oireachtais nó CTÉ breise as uaireanta breise a bhronnadh ar mhúinteoir. Ceadóidh an Roinn/BOO an CTÉ de réir téarmaí agus coinníollacha athbhreithnithe múinteoirí atá leagtha amach i gCuid A den chiorclán seo.

Nuair is ann do phost atá cumhdaithe ag A(1) agus A(2) ó thús scoilbhliain 2015/2016, ceadóidh an Roinn/BOO CTÉ do mhúinteoir i bpost atá maoinithe ag an Oireachtas a chomhlíonann na coinníollacha seo uile:

- (i) tá sé/sí cláraithe ar bhonn reatha leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus
- (ii) tá cáilíochtaí aige/aici a oireann don earnáil agus
- (iii) tá níos mó ná 2 bhliain de sheirbhís leanúnach teagaisc aige/aici faoi dhá chonradh scríofa fostaíochta, nó níos mó, leis an bhfostóir céanna ar íocadh astu as ciste a sholáthair an tOireachtas agus tá an conradh is déanaí den sórt cuimsithe ag 1 nó 2 de Chuid A agus chuathas i mbun próiseas nua agallaimh.

Ach amháin go bhfuil sé/sí eisiata ar an gcúis seo a leanas

- (iv) tá sé/sí ag cumhdach i gcomhair múinteoir eile atá as láthair ar scéim fhaofa shaoire seachas ag cumhdach i gcomhair múinteoir atá as láthair ar shos gairme nó ar iasacht agus gur leagadh é seo amach mar fhoras oibiachtúil i scríbhinn sa chonradh a bhí ann roimhe.

(2) Gnáthaimh iarratais scoilbhliain 2015/16 maidir le CTE a iarraidh seachas conradh téarma seasta breise nuair is amhlaidh a chomhlíonann múinteoir na coinníollacha ceadaithe atá leagtha amach in B.1.

Socruithe eatramhacha 2015/16 - Gan agallamh a bheith éigeantach

Más amhlaidh ag tús scoilbhliain 2015/16, go rachaidh múinteoir isteach sa tríú bliain, nó níos faide, d'fhostaíocht leanúnach i bpost atá cuimsithe ag A(1) agus A(2), tá an múinteoir incháilithe le go mbronnfar CTÉ air/uirthe seachas bliain eile ar chonradh téarma seasta gan agallamh eile.

Próiseas agallaimh ag an scoil

Ba chóir don scoil iarratas a chur chuig an Roinn le go gcuirfean an múinteoir ar an bpárolla mar mhúinteoir atá incháilithe ar CTÉ.

Ar an bhfoirm iarratais le haghaidh CTÉ atá le cur isteach ag an scoil, beidh ar an scoil agus ar an múinteoir a dheimhniú go mbaineann an t-iarratas le leanúint de phost nár maoiníodh ach as ciste a sholáthair an tOireachtas agus go bhfuil na coinníollacha, faoi mar atá leagtha amach in B1, comhlíonta go hiomlán.

Sa chás go bhfuil an múinteoir fostaithe ag BOO, déanfaidh an BOO socruithe cuí iarratais le go léireofar a dhé-ról mar fhostóir agus mar phámháistir.

Deimhniú

Ní mór don scoil freisin a dheimhniú go bhfuil an CTÉ atáthar a lorg ar aon dul leis na téarmaí atá leagtha amach sa chiorclán seo agus go mbaineann sé le post inmharthana faoi mar atá leagtha amach in A(1) agus A(2).

Ní mór don mhúinteoir an fhoirm a shíniú freisin.

Beidh deimhniú den chineál céanna de dhíth laistigh de BOO.

(3) Foirceannadh gach Conradh téarma seasta céad bhliana, fógairt na bpost agus an próiseas agallamh éigeantach.

Foirceannadh conarthaí téarma seasta céad bhliana.

Déanfar gach Conradh téarma seasta bliana a fhoirceannadh ag deireadh na scoilbhliana.

Fógraíocht agus agallaimh

Sa chás gur ann don phost i scoilbhliain 2015/16, ní mór don fhostóir an post a fhógairt agus agallamh a chur sa siúl. Nuair a fhógrófar an post, caithfidh an fhostóir nádúr agus tréimhse an phoist a shainiú.

Cur in iúl don mhúinteoir

Caithfidh an fhostóir a chur in iúl don mhúinteoir a raibh an Conradh bliana téarma seasta aige/aici i scoilbhliain 2014/15 go bhfuil an post le fógairt agus mionsonraí an phróisis iarratais a thabhairt dó/di.

Deimhniú

Maidir lena leithéid de phost, nuair a chuireann an scoil in iúl don Roinn gur mian léi go dtabharfar Conradh nua bliana téarma seasta do mhúinteoir i leith scoilbhliain 2015/16 agus an múinteoir a chur ar an bpárolla, caithfidh an scoil a dheimhniú gur fógraíodh an post agus gur eagraíodh agallaimh agus gur éirigh leis an múinteoir i ndiaidh agallaimh agus go bhfuil sé/sí ag dul isteach sa dara bliain aige/aici den fhostaíocht leanúnach.

Beidh ceanglais deimhniúcháin den chineál céanna i bhfeidhm laistigh de BOO.

Cuid C

Breithniú

Ceapadh an córas reatha breithniúcháin le réiteach gasta, éifeachtach ar aighnis faoi CTÉ a bhronnadh nó gan a bhronnadh, mar is gá de réir an dlí, a éascú. Is córas deonach é nach bhfuil ceangailteach; tá de cheart ag aon pháirtí faoiseamh dleathach a lorg más mian leo. Beidh an córas breithniúcháin ann fós le breithniú ar aon cheist a ardaítear ar aon dul le ciorcláin bhainteacha agus leis an dlí.

Beidh an próiseas breithniúcháin deonach ar fáil freisin le plé le díospóidí ar bith (m.sh. maidir le bronnadh CTÉ, an líon uaireanta ba chóir a chuimsiú in CTÉ nó CTÉ breise) agus má bhíonn an páirtí bainteach ag brath ar théarmaí agus choinníollacha athbhreithnithe na múinteoirí atá leagtha amach i gCuid A agus an próiseas agus na gnáthaimh atá leagtha amach i gCuid B.

Ós rud é gur tairbhí do mhúinteoirí na hathruithe a tháinig de bharr CBH agus go bhfuil siad bunaithe ar chomhaontú caidreamh tionsclaíoch, d'fhéadfaí nó ní fhéadfaí faoiseamh dleathach a lorg.

Mar sin féin, ní chuirfidh iarratas ar bhreithniúchán a bheidh ag brath ar na téarmaí agus coinníollacha nua a bhaineann le bronnadh CTÉ nó CTÉ breise, mar atá leagtha amach sa chiorclán seo, bac ar aon pháirtí faoiseamh dleathach a lorg mar a bhfuil sé ar fáil.

Cuid D

Scéim Athlonnaithe le tabhairt faoi mhí-oiriúniú ag an dara leibhéal idir riachtanais churaclaim agus acmhainní foirne.

1. Tá an scéim athlonnaithe atá leagtha amach sa Chiorclán seo infheidhme nuair a bhíonn múinteoir(i) fostaithe ag scoil/BOO a chuimsítear sa scéim .i. múinteoir(i) i bpost atá á mhaoiniú ag an Oireachtas atá incháilithe ar CTÉ le héifeacht ó thús scoilbhliain 2015/16 ar bhonn na tréimhse laghdaithe cáilitheachta fostaíocht leanúnach de bhreis agus dhá bhliain.

agus

- i cinneann an scoil gur ann do mhí-oiriúnú idir a riachtanais churaclaim agus a hacmhainní foirne, **agus**
- ii is é cinneadh deiridh na scoile/BOO gur féidir tabhairt faoin mí-oiriúnú seo go hiomlán, nó faoi chuid de, trí mhúinteoir nó múinteoirí atá cumhdaithe ag an scéim seo a ath-implonú.

Is ann do mhí-oiriúnú nuair a bhíonn níos mó acmhainní teagaisc ag scoil/BOO in ábha(i)r ná mar atá de dhíth le riar ar riachtanais churaclaim an ábhair/na n-ábhar i scoilbhliain ar leith.

2. D'fhéadfadh an próiseas ag Uimh. 1 thuas tarlú in aon scoil/BOO aitheanta in aon scoilbhliain ó 2015/16 i leith. Mar sin féin, is é tús scoilbhliain 2016/17 an t-am is luaithe a tharlóidh a leithéid d'ath-implonú.
3. Sa chás go mbíonn scoil/BOO cuimsithe ag *an scéim ath-implonnaithe do mhúinteoirí nach bhfuil de dhíth seachas nuair a bhíonn scoil le dúradh*, ba chóir sainathint múinteoirí nach bhfuil de dhíth, faoi mar atá leagtha amach sa scéim sin, a chur i gcrích roimh dhul ar iontaoibh scéim mhí-oiriúnaithe an chiorcláin seo.

Nuair is ann do mhí-oiriúnú curaclaim i scoil BOO, ní mór don BOO tabhairt faoin mí-oiriúnú seo i dtosach báire tríd an mheicníocht aistriú inmheánach roimh dhul ar iontaoibh na scéime seo.

Ainmiú Múinteora i gcomhair Ath-Iomlonnaithe faoin Scéim seo.

4. Nuair a bhíonn scoil/BOO sásta go bhfuil na cúinsí atá leagtha amach i bparagraf D thuas i bhfeidhm, is féidir tuairisceán a chur chuig Stiúrthóir na Scéime Ath-implonaithe, ina sainaitnítear an múinteoir/na múinteoirí atá cumhdaithe ag an scéim seo agus atá le hath-implonú, ag tosú ó thús na Scéime Ath-implonaithe in 2016.
5. Más rud é nach bhfuil ach aon mhúinteoir amháin atá cumhdaithe ag an scéim seo fostaithe ag scoil/BOO s(n)a réimse/í bainteacha curaclaim, féadann an scoil/BOO an múinteoir sin a ainmniú i gcomhair ath-implonaithe.
6. Más rud é go bhfuil níos mó ná aon mhúinteoir amháin atá cumhdaithe ag an scéim mhí-oiriúnú curaclaim seo fostaithe ag scoil/BOO s(n)a réimse/í bainteacha curaclaim, leanfaidh an scoil an próiseas atá leagtha amach i bparagraf 7 den *scéim ath-implonaithe do mhúinteoirí nach bhfuil de dhíth seachas nuair a bhíonn scoil le dúnadh* (a bhfuil tagairt dó i bparagraf 3 thuas) maidir le múinteoirí a chuimsítear sa scéim seo, le go gcinnefar cé na múinteoirí ar fearr a dtabharfadh a n-ath-implonú faoin mí-oiriúnú curaclaim atá sainaitheanta ag an scoil/BOO.
7. Nuair a chuirfear mionsonraí an ainmní/na n-ainmnithe i gcomhair ath-implonaithe faoi bhráid an Stiúrthóra, is faoi mhúinteoir(i) a bheidh sé, i bhfoirm a chuirfear ar fáil, mionsonraí a thabhairt ar cén áit, dar leis/léi, nár comhlíonadh an próiseas agus na gnáthaimh atá leagtha amach sa chomhaontú seo a chur ina láthair. Breithneoidh an Stiúrthóir na ceistanna seo agus sásóidh é/í féin gur cuireadh an próiseas agus na gnáthaimh i bhfeidhm mar is cóir.

Fógra faoi Phoist atá ar Fáil

8. Tá ceanglas sna Scéimeanna Ath-implonaithe uile ag an dara leibhéal, an scéim mhí-oiriúnú curaclaim san áireamh, go gcuirtear gach folúntas atá ar fáil in iúl don Stiúrthóir Ath-implonaithe. Lena chois sin, nuair a ainmníonn scoil múinteoir i gcomhair ath-implonaithe faoi théarmaí na scéime mí-oiriúnú curaclaim seo, caithfear aon fholúntas laistigh de leithdháileadh faofa teagaise na scoile/BOO a thiocfaidh aníos dá bharr a chur in iúl don Stiúrthóir.

Ath-implonú Múinteoirí

9. Feidhmeofar ath-implonú múinteoirí faoin scéim seo mar atá leagtha amach sa chiorclán seo agus de réir fhorálacha caighdeánacha na *Scéime ath-implonaithe do mhúinteoirí nach bhfuil de dhíth seachas nuair a bhíonn scoil le dúnadh*.

Cuid E

Forálacha Ilchineálacha

Nóta: Is ar mhaithe le sampla a thabhairt agus chun an tuiscint a éascú atá na dátaí a bhaineann le scoil áirithe sa chiorclán seo. Beidh na gnáthaimh a údaraítear sa chiorclán seo infheidhme sna blianta atá romhainn go dtí go bhfógrófar a mhalairt in iúl.

Comhlíonadh

Cruthaítear fostaíocht bhuan i bpoist a mhaoinítear go poiblí trí na téarmaí agus coinníollacha nua lena mbronntar CTÉ nó CTÉ breise. Is tábhachtach go leantar go hiomlán de na noirm dhea-chleachtais a bhaineann le cothroime, trédhearcacht agus ionracas maidir le ceapacháin phoiblí agus go gcomhlíontar na gnáthaimh atá leagtha amach sa chiorclán seo.

Is den tábhacht, mar sin de, nuair a bhítear ag iarraidh cead na Roinne nó BOO go mbíonn an cháipeísíocht agus an teastasú riachtanach ar fad go beacht.

Iniúchadh

D'fhéadfadh an Roinn iniúchadh a dhéanamh (nó a iarraidh go n-iniúchfaí) ar na cleachtais i scoileanna agus in BOONna maidir le feidhmiú an chiorcláin seo i dtaca le dea-chleachtas, comhlíonadh agus mírialtachtaí de.

Ba chóir do scoileanna agus BOONna gach taifead ábhartha a bhaineann nó a thacaíonn le hiarratas ar CTÉ a choinneáil go sábháilte ionas go mbíonn siad ar fáil le haghaidh iniúchóireachta.

Athbhreithnithe ginearálta ar ghnáthaimh agus ar chleachtais earcaíochta

Tá an Roinn i dteagmháil leis na Comhpháirtithe Oideachais d'fhonn bailchríoch a chur ar ghnáthaimh earcaíochta scoilbhliain 2015/16 maidir le caighdeán a socraíodh ar fud na hearnála poiblí i gcomhair ceapacháin post a mhaoinítear ar bhonn poiblí. Dréachtóidh an Roinn freisin agus eiseoidh siad le haghaidh comhairliúcháin leis na Comhpháirtithe Oideachais conradh CTÉ/buan agus téarma seasta. Tá an teimpléad conartha, a iarcheanglaíodh i gCiorclán 0010/2006 iniata ag aguisín 1 mar eolas.

Leis an gCiorclán seo, leasaítear an tsraith Ciorclán a thugann éifeacht don chomhaontú ar fheidhmiú an Achta um Chosaint Fostóirí (Obair Théarma Seasta) 2003 agus go háirithe paragraf 3.10.1 agus paragraf 4.2 de Chiorclán 0034/2009.

Sa chás go n-eisíonn fostóir CTÉ agus an CTÉ sin á mhaoiniú ag an Oireachtas, ní mór don fhostóir téarmaí agus coinníollacha an Chiorcláin seo a chomhlíonadh.

Cinntigh go dtabharfar cóipeanna den chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/Bord Oideachais agus Oilíúna agus go gcuirfear a bhfuil d'ábhar ann in iúl do gach múinteoir atá fostaithe agat, iad siúd atá ar neamhláithreacht saoire san áireamh.

Tá fáil ar na Ciorcláin seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Home – Schools & Colleges – Information – Employment Terms and Conditions – Fixed Term Contracts.

Ba chóir gach fiosrú a bhaineann leis an gCiorclán seo a sheoladh chuig an bhfostóir (scoil/BOO) nó chuig an bhforas cuí bainistíochta ar dtús. Is féidir fiosruithe eile a sheoladh chuig teachersna@education.gov.ie maidir le bronnadh CTÉanna agus chuig allocations@education.gov.ie maidir le hath-implonú.

Alfie Barrett
Loftus

Padraig Maloney

Hubert

Múinteoirí/CRS
Téarmaí agus Coinníollacha
27 Márta 2015
2015

Ránnóg Párolla
27 Márta 2015

Leithdháiltí Múinteoirí
27 Márta

**Conradh Fostaíochta
Conradh Tréimhse Éiginnte Múinteora
Earnáil Iar-Bhunscolaíochta**

1. Páirtithe:

Fostaí:

Fostóir:

2. Teideal Poist: Múinteoir cáilithe ar chonradh tréimhse éiginnte

3. Nádúr an Phoist

Is é feidhm an chonartha an líon sannta uaireanta an chloig a theagasc gach seachtain ar feadh iomlán na scoilbhliana.

4. Uaireanta Oibre

Is iad uaireanta an chonartha tréimhse éiginnte, na huaireanta dar fostaíodh an fostaí ar chonradh téarma seasta sa bhliain scoile/acadúil roimh eisiúint an CTÉ (taobh amuigh de na huaireanta sin atá le haghaidh soláthar cumhdach sealadach agus mura n-athrófaí iad trí théarmaí Chiorclán PPT 14/05).

5. An sainmhíniú ar Chonradh Tréimhse Éiginnte

Duine a bhíonn ag dúil, faoi réir an ghnáthdháta scoir fostaíochta, go gcoinneofar é/í san fhostaíocht agus nach mbrisfeadh é/í gan aon chúis mhaith amhail mí-iompar nó neamhábaltacht dá bpost, nó cúinsí an-láidir nó dosheachanta eile. Déanfar aon bhriseadh trí fheidhmiú na socruithe comhaontaithe foirceannta don earnáil ar leith nó trí fheidhmiú an reachta chuí, cibé acu is cuí (ar aon dul le Comhaontú Idirthréimhseach Mheán Fómhair 2005 - Ciorclán PPT14/05).

6. Dualgais

Dul i gceann na ndualgas gairmiúil a oireann do mhúinteoir lánaimseartha buan sa mhéid go mbaianeann siad le dualgais teagaisc agus dualgais neamhtheagaisc.

7. Oilíúint inseirbhíse

Is ar an mbonn céanna le múinteoirí lánaimseartha buana a bheidh na socruithe i leith oilíúna agus forbairt ghairmiúil.

8. Liúntais Taistil agus Cothaithe

Íocfar liúntas taistil agus cothaithe maidir le turais riachtanacha a bheidh údaraithe ag lucht bainistíochta na scoile de réir na gcoinníollacha atá leagtha síos agus ar rátaí a

chomhaontaíonn an tAire Oideachais agus Eolaíochta ó am go chéile do mhúinteoirí buana.

9. Obair Sheachtrach

Caithfear an fostóir a chur ar an eolas faoi gach obair sheachtrach. Ní ceadmhach don cheapaí dul i mbun obair sheachtrach ar bith a chuirfeadh as don cheapaí a c(h)uid dualgas agus freagrachtaí scoile a chomhlíonadh.

D'fhéadfaí an Conradh a fhoirceannadh freisin más amhlaidh go dtéann obair an mhúinteora, nuair a áirítear í go comhiomlán thar an teorainn 48 uair don tréimhse bhainteach roimhe sin mar atá leagtha amach in Alt 15 den Acht um Eagrú Am Oibre, 1997. Aon chinneadh den sórt a dhéanfar le Conradh a fhoirceannadh, déanfar é de réir na ngnáthamh cuí.

10. Saoire Bhliantúil

D'fhéadfaí socruithe saoire bhliantúil a dheonú de réir na gcoinníollacha a leagann an tAire Oideachais agus Eolaíochta amach ó am go chéile do mhúinteoirí buana.

11. Saoire Mháithreachais/Uchtála/Cúramóra/Tuismitheoireachta/Force Majeure

Beidh forálacha an Achta um Shaoire Tuismitheoireachta 1998, agus aon Acht ina dhiaidh sin a ghlacfaidh áit nó trína leasófar an tAcht sin, i bhfeidhm maidir le saoire Force Majeure.

12. Saoire Thinnis

D'fhéadfaí saoire thinnis dheimhnithe agus neamhdheimhnithe a dheonú de réir na gcoinníollacha a leagann an tAire Oideachais agus Eolaíochta amach ó am go chéile do mhúinteoirí buana.

13. Luach Saothair

Is é bunscála coiteann na múinteoirí an scála tuarastail a bhaineann leis an bpost, le cois liúntais chuí. Íocfar múinteoirí páirtaimseartha ar bhonn pro-rata. Déanfar íocaíocht ar bhonn riaráiste trí aistriú díreach chuig cuntas bainc a ainmnítear ar bhonn coicíse/míosa.

Maidir le huairéanta oibre de bhreis ar uaireanta an chonartha, íocfar iad de réir rátaí a chomhaontóidh an tAire Oideachais agus Eolaíochta ó am go chéile. Ní bheidh an líon iomlán uaireanta an chloig a bheidh ar amchlár múinteoir páirtaimseartha os cionn 22 uair an chloig sa tseachtain.

14. Comhaontuithe Comhchoiteanna

Bíonn na socrúithe seo faoi réir comhaontuithe comhchoiteanna a shocraíonn na ceardchumainn múinteoirí, údaráis bhainistíochta scoileanna agus an tAire Oideachais agus Eolaíochta ó am go chéile.

15. Fógraí agus Sínithe

Tá an Conradh Fostaíochta thuas léite agus iomlán tuigte agam agus toilím cloí le téarmaí an chonartha seo agus geallaim chomh maith go bhfuil gach ráiteas agus uirioll atá déanta agam san iarratas ar an gceapachán seo fíor agus ceart.

Sínithe :- _____

(thar ceann an Fhostóra)

Dáta :- _____

Sínithe:- _____

(ceapaí)

Dáta:- _____